Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6799/26**

**EF 50**
**ECOFIN 265**
**DELACT 38**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1076 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 24.2.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí institiúidí áirithe a ríomh, táscaire riosca a scriosadh agus modhnuithe nós imeachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1076 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1076 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.2.2026
C(2026) 1076 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.2.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí institiúidí áirithe a ríomh, táscaire riosca a scriosadh agus modhnuithe nós imeachta**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 100 de Threoir 2014/59/AE[1] (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc), tá socruithe um maoiniú náisiúnta ('cistí réitigh banc') bunaithe ag na Ballstáit chun cur i bhfeidhm éifeachtach uirlisí agus cumhachtaí réitigh a áirithiú. De réir Airteagal 102 de Threoir 2014/59/AE, bhí ar na Ballstáit na cistí réitigh banc a mhéadú de réir a chéile, ranníocaíochtaí *ex ante* a chruinniú ó institiúidí creidmheasa agus ó ghnólachtaí infheistíochta ('institiúidí'), ar feadh tréimhse tosaigh ar tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2024, go dtí gur baineadh amach an spriocleibhéal 1 % ar a laghad de thaiscí iomlána faoi chumhdach na n-institiúidí uile atá údaraithe ina gcríoch.

Ar an gcaoi chéanna, san Aontas Baincéireachta, bunaíodh Ciste Réitigh Aonair (CRA) de bhun Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014[2] (an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair). Bhí ar an CRA a spriocleibhéal 1 % ar a laghad de thaiscí faoi chumhdach na n-institiúidí creidmheasa uile atá údaraithe sna Ballstáit rannpháirteacha uile a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2023.

De réir Airteagal 102(3) den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus Airteagal 69(4) den Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair faoi seach, má thiteann na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do na cistí réitigh banc, nó don Chiste Réitigh Aonair, faoi bhun a spriocleibhéal, ní mór tús a chur leis na ranníocaíochtaí bliantúla *ex ante* ó institiúidí arís go dtí go mbainfear an spriocleibhéal amach arís.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014[3] (an 'Rialachán Tarmligthe'), rialaítear ríomh agus bailiú na ranníocaíochtaí atá le híoc ag institiúidí leis na cistí réitigh banc.

Mar gheall ar athruithe ar reachtaíocht Leibhéal 1 - go háirithe leasuithe ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus glacadh an chórais stuamachta nua le haghaidh gnólachtaí infheistíochta le Rialachán (AE) 2019/2033[4] (an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta) agus Treoir (AE) 2019/2034[5] (an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta), tá

---

1 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus comhlachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 173, 12.6.2014, lgh. 190–348.

2 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* do shocruithe um maoiniú réitigh, IO L 11, 17.1.2015, lch. 44.

4 Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014, IO L 314, 5.12.2019.

5 Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE,

gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Tarmligthe chun í a choinneáil ailínithe leis an reachtaíocht leasaithe. Ina theannta sin, is léir ón taithí a fuarthas ó bhailiú na ranníocaíochtaí le linn na tréimhse tosaigh go bhfuil gá le leasuithe áirithe ar an bpróiseas bailiúcháin. An tráth céanna, is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe cuspóirí níos leithne an Aontais a bhaint amach maidir le prionsabal na comhréireachta a áirithiú, an creat rialála a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

**A Leasú ar Airteagal 3(2) – Sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar údarás inniúil**

Leagtar amach in Airteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta chun na ranníocaíochtaí le cistí réitigh banc a ríomh. Tagraíonn an sainmhíniú reatha don sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta in Airteagal 2(1), pointe (3), den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, a rinne crostagairt dá réir sin don sainmhíniú sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil[6] (CRR) agus don tairseach chaipitil in Airteagal 28(2) de Threoir 2013/36/AE[7] (CRD IV). Le hAirteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe, cúngaítear raon feidhme an tsainmhínithe a thuilleadh trí ghnólachtaí infheistíochta áirithe atá faoi réir ceanglais chaipitil níos ísle faoi Airteagal 96(1) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil a eisiamh, chomh maith le gnólachtaí a oibríonn saoráidí trádála iltaobhacha i gcomhréir le pointe 8 d'Iarscríbhinn I, Roinn A de Threoir 2014/65/AE (MiFID II)[8], ach amháin má dhéanann siad gníomhaíochtaí sonracha áirithe a bhfuil riosca níos mó ag baint leo freisin (amhail déileáil ar a gcuntas féin, ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh nó iad a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin). Mar a mhínítear in Aithris 3 den Rialachán Tarmligthe, fágtar faoi na Ballstáit an chumhacht chun an mhodheolaíocht ranníocaíochta a bhunú le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta sin, atá eisiata ón Rialachán Tarmligthe ach atá faoi réir na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc.

Ó glacadh an Rialachán Tarmligthe, rinneadh athrú ó bhonn ar an gcreat stuamachta is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta tríd an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta agus an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta a ghlacadh, lenar tugadh isteach córas stuamachta nua le haghaidh gnólachtaí infheistíochta. Go háirithe, leasaíodh an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta sa Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc le hAirteagal 63 den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta chun é a ailíniú leis an gcóras nua sin. Mar thoradh air sin, tagraíonn Airteagal 2(1), pointe (3), den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc anois do ghnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (22) d'Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta.

Déanann an sainmhíniú ar 'gnólacht infheistíochta' i bpointe 22 d'Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta, crostagairt, ar a sheal, don sainmhíniú ar ghnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de MiFID II. Sa sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na

2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta).

6 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lgh. 1–337.

7 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n- aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE, IO L 176, 27.6.2013, lch. 338–436.

8 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú), IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496.

mBanc, ní chuirtear teorainn leis an raon feidhme a thuilleadh ach amháin do ghnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 9(1) den an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta (i.e. an ceanglas caipitil tosaigh dar luach EUR 750 000 ar a laghad agus údarú chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar agus gníomhaíochtaí a dhéanamh faoi MiFID II maidir le déileáil ar a gcuntas féin agus frithghealladh nó cur ar bhonn ceangaltais dhaingin - gníomhaíochtaí 3 agus 6 d'Iarscríbhinn I, Roinn A de MiFID II.,

Tá na gnólachtaí sin, ar a dtugtar gnólachtaí infheistíochta Aicme 1 agus Aicme 2 de ghnáth i gcleachtas maoirseachta, údaraithe chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le riosca airgeadais agus oibriúcháin níos mó. Gnólachtaí infheistíochta ag a bhfuil na ceanglais caipitil tosaigh atá níos ísle ná an ceann dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta, ar gnólachtaí beaga neamh-idirnasctha iad de ghnáth agus nach ndéanann gníomhaíochtaí 3 agus 6 d'Iarscríbhinn I, Roinn A MiFID II (ar a dtugtar gnólachtaí Aicme 3 de ghnáth), ní chumhdaítear iad sa sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc.

Chun raon feidhme bunaidh an Rialacháin Tarmligthe a choinneáil ar bun, ar raon feidhme é atá, mar a míníodh, níos cúinge ná raon feidhme na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, is gá an sainmhíniú a choigeartú do na leasuithe reachtacha a tharla.

Ós rud é nach bhfuil gnólachtaí atá údaraithe go heisiach chun saoráid trádála iltaobhach a oibriú (gníomhaíocht 8 d'Iarscríbhinn I Roinn A de MiFID II) gan gníomhaíochtaí 3 nó 6 a dhéanamh freisin cumhdaithe a thuilleadh leis an sainmhíniú athbhreithnithe ar ghnólacht infheistíochta sa Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, níl gá a thuilleadh leis an eisiamh comhfhreagrach in Airteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe agus scriosar é dá bhrí sin.

I gcodarsnacht leis sin, tá eisiamh gnólachtaí a chumhdaítear faoi láthair le hAirteagal 96 de CRR fós ábhartha. Mar sin féin, de bhua leasuithe ar CRR, , scoirfidh Airteagal 96 de CRR d'éifeacht a bheith aige ón 26 Meitheamh 2026. Dá bhrí sin, bheadh an chrostagairt don fhoráil sin gan éifeacht tar éis an dáta sin. Chun a áirithiú go mbeidh raon feidhme an Rialacháin Tarmligthe maidir le gnólachtaí infheistíochta fós mar an gcéanna tar éis an dáta sin, ionchorpraítear sa Rialachán seo an tuairisc shubstainteach ar na catagóirí gnólachtaí infheistíochta a bheartaítear le hAirteagal 96(1)(a) agus (b) de CRR[9] sa sainmhíniú leasaithe.

Tá sainmhíniú nua tugtha isteach ag an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta freisin ar údarás inniúil a chumhachtaítear maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta faoi réir an chreata stuamachta a leagtar síos leis an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta agus an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar údarás inniúil sa Rialachán Tarmligthe a leasú dá réir chun an t-údarás inniúil sin a chur san

---

[9] Is éard atá in Airteagal 96(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

1. Chun críocha Airteagal 92(3), úsáidfidh na catagóirí seo a leanas de ghnólachtaí infheistíochta ina sealbhaítear caipiteal tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Threoir 2013/36/AE an ríomh maidir le méid iomlán na neamhchosanta ar riosca atá sonraithe i mír 2 den Airteagal seo:
   (a) gnólachtaí infheistíochta a dhéileálann ar a gcuntas féin amháin ar mhaithe le hordú cliaint a chomhlíonadh nó a chur i bhfeidhm nó ar mhaithe le dul isteach i gcóras um imréiteach agus um ghlanadh nó i malartán aitheanta nuair a bheidh siad ag gníomhú i gcáil gníomhaireachta nó ag cur ordú cliaint i bhfeidhm;
   (b) gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:
      (i) níl airgead nó urrúis cliant ina seilbh;
      (ii) gabhann siad de dhéileáil ar a gcuntas féin amháin;
      (iii) níl aon chustaiméir seachtrach acu;
      (iv) déantar feidhmiú agus socrú a n-idirbheart sin ina leith faoi chúram institiúide imréitigh agus atá ráthaithe ag an institiúid imréitigh sin

áireamh agus chun a áirithiú go dtéann sé i gcomhar leis na húdaráis réitigh náisiúnta mar a cheanglaítear le Rialachán Tarmligthe.

**B Modhnú ar an modheolaíocht chun ranníocaíochtaí institiúidí áirithe (gnólachtaí infheistíochta) a ríomh**

Mar gheall ar an gcreat stuamachta nua le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a thabhairt isteach leis an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta agus an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta, a tháinig i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2021, tá gá leis an Rialachán Tarmligthe a leasú freisin maidir leis na hábhair seo a leanas.

Ní cheanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta móra áirithe - ag a bhfuil sócmhainní comhdhlúite iomlána suas le EUR 15 bhilliún - a thuilleadh CRR agus CRD a chomhlíonadh, agus an fhaisnéis ghaolmhar a thuairisciú do na húdaráis inniúla. Dá réir sin, níl sé d'oibleagáid ar na gnólachtaí infheistíochta sin a thuilleadh tuairisciú a dhéanamh, chun críoch stuamachta, ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun ranníocaíochtaí a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos in Airteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe.

Baineann an tsaincheist sin leis na gnólachtaí infheistíochta ar a dtugtar gnólachtaí infheistíochta 'Aicme 2'[10], nach dtagann faoi raon feidhme CRR/CRD anois ach atá fós, mar sin féin, faoi réir na ranníocaíochtaí coigeartaithe riosca, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe.

Ós rud é nach mbíonn na gnólachtaí sin chomh sistéamach céanna de ghnáth le hinstitiúidí móra, ba cheart iad a bheith faoi réir modh simplithe chun na ranníocaíochtaí a ríomh. Dá bhrí sin, beidh siad faoi réir na ranníocaíochta bunúsaí bliantúla, gan ach coigeartú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán Tarmligthe (asbhaintí). Ina theannta sin, beidh sé de rogha ag na gnólachtaí infheistíochta sin d'Aicme 2 a iarraidh go gcuirfear an coigeartú riosca breise i bhfeidhm de bhun Airteagail 6 go 9 den Rialachán Tarmligthe, má sholáthraíonn an gnólacht infheistíochta fianaise leordhóthanach go mbeadh an méid ranníocaíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 níos ísle ná an méid arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 amháin. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás réitigh náisiúnta an méid is ísle i bhfeidhm. Tá an cur chuige sin comhréireach le riosca íseal fhormhór na ngnólachtaí infheistíochta sin i dtéarmaí an ualaigh tuairiscithe, toisc nár ghá ach líon beag sonraí a thuairisciú faoi Airteagal 5, agus i dtéarmaí cainníochtúla, toisc nach mbeadh feidhm ag an gcoigeartú riosca breise ach amháin dá mbeadh ranníocaíocht níos ísle mar thoradh air

Níor cheart baint a bheith ag an athrú thuas le gnólachtaí infheistíochta níos lú (Aicme 2) atá faoi réir an chórais cnapshuime faoi láthair dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Rialachán

[10] Is catagóir iarmharach iad gnólachtaí infheistíochta Aicme 2 lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta nach dtagann faoi ghnólachtaí infheistíochta Aicme 1 ná gnólachtaí infheistíochta Aicme 3. Gnólachtaí infheistíochta a dhéileálann ar a gcuntas féin nó a fhrithgheallann ionstraimí airgeadais agus/nó a chuireann ionstraimí airgeadais ar bhonn ceangaltais dhaingin agus a chomhlíonann tairseacha áirithe dá sócmhainní comhdhlúite, déantar iad a chatagóiriú mar ghnólachtaí infheistíochta 'Aicme 1' nó 'Aicme 1 lúide'. An dá Aicme, a údaraítear mar institiúidí creidmheasa (cf. pointe 1(b) d'Airteagal 4(1) de CRR agus Airteagal 8a de CRD); agus Aicme 1 lúide, a údaraítear mar ghnólachtaí infheistíochta - (cf. Airteagal 5(1) den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta chomh maith le hAirteagal 1(2) agus 1(5) den Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta)) - tá siad fós faoi réir cheanglais CRR/CRD. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh leanúint dá ranníocaíochtaí le cistí réitigh banc mar atá déanta acu go dtí seo, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe atá ann faoi láthair. Níl gnólachtaí infheistíochta Aicme 3 – i.e. a mheastar a bheith 'beag agus neamh-idirnasctha' go leordhóthanach - (Aithris 17 agus Airteagal 12 den Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta) faoi réir na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, agus dá bhrí sin níl siad faoi réir an Rialacháin Tarmligthe ach oiread, toisc nach féidir leo gníomhaíochtaí maidir le 'déileáil ar a gcuntas féin' agus 'frithghealladh' a dhéanamh.

Tarmligthe ar cheart dó feidhm a bheith aige fós maidir leis na gnólachtaí infheistíochta a cháilíonn ina leith. Tá údar leis sin mar gheall ar mhéid an-bheag na n-institiúidí sin (faoi bhun EUR 1 bhilliún i sócmhainní agus EUR 300 milliún i ndliteanais), rud a fhágann gur lú an dóchúlacht go gcuirfear faoi réiteach iad agus go mbeidh tionchar teoranta acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an gciste réitigh banc i gcás réitigh.

A mhéid a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta Aicme 2 atá faoi réir na ranníocaíochtaí coigeartaithe riosca faoi láthair, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe , leanann an roghnaíocht idir cur i bhfeidhm na ranníocaíochta bunúsaí bliantúla de bhun Airteagal 5 den Rialachán Tarmlighte nó próiseas tuairiscithe agus ríofa méadrachtaí CRR cur chuige atá cosúil le hAirteagal 10 den Rialachán Tarmlighte, lena ndéantar foráil maidir le modh ríofa na gcnapshuimeanna le haghaidh institiúidí an-bheaga, in ionad na ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a ríomh, ach lena gceadaítear do na hinstitiúidí beaga sin modh ríofa difriúil a roghnú (ranníocaíocht bhunúsach arna coigeartú de bhun Airteagal 5) má tá ranníocaíocht níos ísle mar thoradh ar an modh sin (Airteagal 10(7) den Rialachán Tarmlighte). I gcás gnólachtaí infheistíochta Aicme 2 a sháraíonn tairseacha Airteagal 10(6) den Rialachán Tarmligthe, mar a mhínítear, is é an roghnaíocht a bheadh ann an coigeartú riosca a chur i bhfeidhm de bhun Airteagail 5 go 9, ós rud é gurbh é an ríomh de bhun Airteagal 5 an gnáthchóras dóibh. .

Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a thagann faoi Airteagal 5(1) den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta rannchuidiú de réir na modheolaíochta breise coigeartaithe riosca a leagtar amach in Airteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe, má d'fheidhmigh an t-údarás inniúil a lánrogha go foirmiúil faoi Airteagal 5(1) den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta chun gnólachtaí infheistíochta den sórt sin a chur faoi réir cheanglais stuamachta chreat CRR/CRD. Is gnólachtaí iad sin de ghnáth a dtugann a méid, a ngníomhaíochtaí, nó a dtionchar féideartha sistéamach údar lena láimhseáil cosúil le hinstitiúidí creidmheasa, d'ainneoin nach gcomhlíonann siad tairseacha sócmhainní iomlána maidir le gnólachtaí infheistíochta Aicme 1. An tráth céanna, maidir le gnólachtaí infheistíochta a chumhdaítear le hAirteagal 1(5) den Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta, atá mar chuid de ghrúpa atá faoi réir chomhdhlúthú CRR agus a roghnaíonn (le formheas maoirseachta) CRR a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu freisin le haghaidh ranníocaíochtaí réitigh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht Airteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe. Ós rud é, sa dá chás, go bhfuil na gnólachtaí sin ag oibriú go héifeachtach faoi chóras stuamachta CRR, níor cheart iad a bheith faoi réir an chur chuige saincheaptha a mholtar do ghnólachtaí infheistíochta Aicme 2 a thuilleadh, ach faoi réir an choigeartaithe riosca faoi Airteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe, bunaithe ar mhéadrachtaí CRR atá infheidhme go hiomlán agus intuairiscithe. Áirithítear leis an gcur chuige sin comhleanúnachas idir maoirseacht stuamachta agus coigeartú riosca na ranníocaíochtaí lena seachnaítear mí-ailíniú maidir le láimhseáil institiúidí a rialaítear le CRR/CRD.

## <u>C An táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' a scriosadh</u>

Mar gheall ar athruithe ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, tá sé an-deacair an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 1, den Rialachán Tarmlighte, a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Eascraíonn an deacracht sin as na leasuithe forleathana ar ICDI (Íoscheanglas le hAghaidh Dliteanais Incháilithe) a tugadh isteach tar éis an táscaire riosca sin a bhunú leis an Rialachán Tarmlighte.

Go sonrach, nuair a tháinig an chéad téacs den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc i bhfeidhm, ba cheanglas ginearálta é ICDI, a bhí infheidhme, i bprionsabal, maidir leis na hinstitiúidí uile ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal comhdhlúite araon. Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc le Treoir (AE) 2019/879 (Treoir 2 maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc)[11], agus go háirithe le Treoir (AE) 2024/1174 (an Treoir maidir le Slabhraí Nóiníní)[12], tá ICDI curtha in oiriúint do straitéis réitigh shonrach gach institiúide. Tugtar le tuiscint leis sin, *inter alia*, difríochtaí i measc grúpaí baincéireachta sa leibhéal comhdhlúthaithe ar a gcuirtear ICDI i bhfeidhm agus/nó difríochtaí i gcalabrú ICDI idir institiúidí atá curtha in áirithe lena leachtú in ionad réitigh (nach bhfuil ICDI acu) agus institiúidí atá curtha in áirithe lena réiteach, nó idir pointe iontrála grúpa réitigh agus a fhochuideachtaí, nó, fiú, idir na fochuideachtaí. Dá bhrí sin, ní paraiméadar é an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' atá oiriúnach a thuilleadh chun ranníocaíochtaí na n-institiúidí uile a choigeartú dá bpróifíl riosca[13].

Go sonrach, ní féidir leis na hinstitiúidí uile an fhaisnéis ar fad (pointí sonraí) is gá a sholáthar chun an táscaire riosca ICDI a ríomh ar bhealach aonfhoirmeach comhchuibhithe. Ar an taobh eile, ós rud é nach bhfuil sa táscaire riosca ICDI ach táscaire amháin de tháscairí iolracha, tá tionchar an-bheag aige ar ríomh mhéid iomlán na ranníocaíochta (i.e. thart ar 1 %-3 % ar an meán). Chun an creat ICDI leasaithe a léiriú le coigeartú an táscaire riosca sin, bheadh gá le hathrú iomlán ó bhonn ar na forálacha lena rialaítear an táscaire agus le méadú mór ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis a cheanglófaí ar institiúidí a chur ar fáil d'údaráis réitigh náisiúnta chun gur féidir an coigeartú a dhéanamh bunaithe ar an táscaire riosca sin. Bheadh sé sin díréireach i ndáil leis an tionchar teoranta a bheadh aige.

Ina theannta sin, dá scriosfaí an táscaire riosca ICDI, ní thabharfaí le tuiscint nach gcuirfear gnéithe a bhaineann le ICDI san áireamh a thuilleadh agus coigeartú riosca á dhéanamh ar na ranníocaíochtaí. Faoi Airteagal 6(6) den Rialachán Tarmligthe, ní mór measúnú a dhéanamh ar an táscaire riosca inréiteachta i gcomhréir le Caibidil II de Theideal II den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc. I gcomhréir leis an gCaibidil seo, agus go háirithe le hAirteagal 15(2) den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, cumhdaítear leis an measúnú sin na hábhair a liostaítear i Roinn C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, a bhfuil go leor acu cosúil go díreach nó go hindíreach le ICDI, agus/nó a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar ICDI a chalabrú agus ar cé acu atá nó nach bhfuil sé leordhóthanach. Mar thoradh air sin, tá gnéithe a bhaineann le ICDI comhtháite go struchtúrach cheana féin sa táscaire riosca inréiteachta[14].

Tar éis an táscaire riosca ICDI a scriosadh, déanfar coigeartú riosca ar ranníocaíochtaí fós ar bhonn an cholúin 'Neamhchosaint ar riosca' dá bhforáiltear le hAirteagal 6, mír 2 agus

---

[11] Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE, IO L 150, 7.6.2019.

[12] Treoir (AE) 2024/1174 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, IO L, 2024/1174, 22.4.2024.

[13] D'fhéadfadh an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' pionós a ghearradh ar institiúidí atá curtha in áirithe lena leachtú, nach bhfuil aon ICDI acu, cé nach mbeadh aon tionchar diúltach ar na hinstitiúidí sin dá scriosfaí é.

[14] Thairis sin, cé go liostaítear in Airteagal 103(7) den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc i bpointe (f) inréiteacht i measc na ngnéithe atá le cur san áireamh sa ghníomh tarmligthe, ní liostaítear na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe de bhreis ICDI.

Airteagal 7, mír 2, den Rialachán Tarmligthe. I gcomhréir leis an bprionsabal ginearálta a chuirtear in iúl in Airteagal 20, mír 1, den Rialachán Tarmligthe, ba cheart táscairí riosca eile an cholúin 'Neamhchosaint ar riosca' a athscálú go comhréireach ionas gurb é 1 suim a gcuid ualaithe.

**<u>D Feabhsuithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir le saincheisteanna nós imeachta áirithe</u>**

<u>Athráitis</u>

Is léir ón taithí a fuarthas ó bhailiú na ranníocaíochtaí i dtréimhse thosaigh na gcistí réitigh banc gur gá soiléiriú a dhéanamh ar an teorainn ama ar cheart feidhm a bheith aici maidir leis an bhféidearthacht athráitis agus athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta a iarraidh, a bheartaítear in Airteagal 17, míreanna 3 agus 4 den Rialachán Tarmligthe. Leis an rialachán leasaitheach, tugtar isteach teorainn ama a thosaíonn ón dáta a tugadh fógra faoin gcinneadh maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil don institiúid agus a théann in éag an 31 Eanáir den bhliain tar éis an cheathrú tréimhse ranníocaíochta tar éis na tréimhse ranníocaíochta a tugadh fógra faoin gcinneadh sin[15].

Is é is aidhm don teorainn ama sin, nach féidir a bhriseadh, deimhneacht dhlíthiúil fhabhraithe agus intuarthacht a sholáthar d'institiúidí agus d'údaráis réitigh náisiúnta, gan an próiseas athráiteas a nascadh le tréimhsí teorann náisiúnta nó tréimhsí forordaithe, atá an-éagsúil ar fud na mBallstát. Tá feidhm ag an teorainn ama sin atá beartaithe maidir leis na hathráitis arna dtionscnamh ag institiúidí agus ag na húdaráis réitigh náisiúnta araon, agus tá a dáta éaga an 31 Eanáir ailínithe leis an sprioc-am chun an fhaisnéis ábhartha a thuairisciú chun na ranníocaíochtaí bliantúla a ríomh. Ar mhaithe le soiléireacht, níor cheart don teorainn ama sin bac a chur ar údaráis réitigh náisiúnta úsáid a bhaint as meastacháin nó toimhdí i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Rialachán Tarmligthe i gcás nár sholáthair an institiúid ábhartha an fhaisnéis a iarradh laistigh den teorainn ama sin in am trátha.

Chun aistriú comhleanúnach agus comhréireach chuig an tréimhse theorann nua a áirithiú, tugtar isteach dáta sonrach le haghaidh iarrataí ar athráitis a bhaineann le tréimhsí ranníocaíochta roimh theacht i bhfeidhm na tréimhse teorann nua thuas. Dá bhrí sin, foráiltear leis an rialachán leasaitheach nach bhféadfar na hiarrataí uile ar athráitis nó athbhreithnithe a bhaineann le tréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026 a chur isteach ach go dtí an 31 Eanáir 2031. Tá feidhm chomhionann ag an teorainn ama idirthréimhseach sin maidir le hiarrataí arna dtionscnamh ag institiúidí agus ag údaráis réitigh náisiúnta.

<u>An t-ainmneoir dliteanas idirbhainc a scriosadh</u>

Le linn thréimhse thosaigh bhailiúcháin na ranníocaíochtaí *ex ante*, is léir nach dteastaíonn ainmneoir an táscaire 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Bhallstáit bunaíochta' a leagtar amach in Airteagal 6(4) den Rialachán Tarmligthe, arb é luach na 'nIasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc iomlána san Aontas' dá dtagraítear i gCÉIM 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe, chun ranníocaíochtaí a ríomh. Ar bhonn Airteagal 9 agus Céimeanna 2 go 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le an Rialachán Tarmligthe, bhainfí na torthaí céanna amach – i dtéarmaí an iolraitheora coigeartaithe riosca $\tilde{R}_n$ agus na ranníocaíochta bliantúla araon $c_n$ – trí úsáid a bhaint as uimhreoir na foirmle ábhartha amháin, is é sin méid iomlán iasachtaí agus taiscí idirbhainc na hinstitiúide. Chun an ríomh a shimpliú agus an

[15] Is cosúil gur tréimhse réasúnta í an tréimhse mholta (4 bliana agus 9 mí atá inti) chun athráitis a cheadú toisc go dtugtar léi dóthain ama chun na cleachtaí breise fíoraithe sonraí a dhéanamh, agus leibhéal réasúnta deimhneachta dlíthiúla á áirithiú fós.

t-ualach riaracháin gaolmhar a laghdú, ba cheart, dá bhrí sin, an t-ainmneoir a scriosadh, mar aon leis na hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha le haghaidh na n-údarás faoi Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe. Chun a léiriú nach bhfuil ainmneoir sa táscaire a thuilleadh, cuirtear 'méid iomlán' in ionad an téarma 'sciar', in Airteagal 6(4) agus in Iarscríbhinn I araon (Céimeanna 1 agus 4).

**E Leasuithe ar na forálacha reatha**

Chun creat stuamachta nua a ghlacadh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, creat a tugadh isteach leis an Treoir maidir le gnólachtaí infheistíochta agus leis an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta, is gá sainmhínithe áirithe a bhunaítear leis an Rialachán Tarmligthe a leasú. Dá bhrí sin, tugtar an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta in Airteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe agus an sainmhíniú ar údarás inniúil in Airteagal 3(8) den Rialachán Tarmligthe cothrom le dáta chun na sainmhínithe a thugtar isteach leis an gcreat stuamachta nua a léiriú.

Faoin gcreat stuamachta nua le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, gnólachtaí infheistíochta ag a bhfuil méid iomlán sócmhainní comhdhlúite faoi bhun tairseacha áirithe, níl siad, i bprionsabal, faoi réir na gceanglas maidir le caipiteal agus leachtacht a leagtar síos le CRD agus le CRR a thuilleadh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na méadrachtaí breise coigeartaithe riosca a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe, atá bunaithe ar na ceanglais sin, maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin a thuilleadh. Bunaítear leis an rialachán leasaitheach, dá bhrí sin, go ríomhfar a ranníocaíochtaí i gcomhréir leis an gcoigeartú riosca ar a ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil de bhun Airteagal 5. Ina theannta sin, tugtar an rogha do na gnólachtaí infheistíochta sin a iarraidh go gcuirfear an coigeartú riosca breise i bhfeidhm de bhun Airteagail 6 go 9 den Rialachán Tarmligthe, i gcás ina mbeadh ranníocaíocht níos ísle mar thoradh ar chur i bhfeidhm an mhodha sin. Ar deireadh, déantar foráil sa rialachán leasaitheach maidir le dhá mhaolú ón modh ginearálta ríofa de bhun Airteagal 5, i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go heisceachtúil na ceanglais chaipitil agus na ceanglais maidir le cumhdach leachtachta a leagtar síos le CRD/CRR a chur i bhfeidhm maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin - i gcomhréir leis an gcóras stuamachta is infheidhme. Sna cásanna sin, beidh an coigeartú riosca atá bunaithe ar na méadrachtaí a bhaineann le CRD/CRR, dá bhforáiltear in Airteagail 6 go 9, infheidhme.

Rinneadh difear d'infheidhmeacht an táscaire 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' le leasuithe forleathana ar ICDI a tugadh isteach sa Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus, mar thoradh air sin, níl an táscaire riosca sin oiriúnach a thuilleadh chun é a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach chun ranníocaíochtaí na n-institiúidí uile a choigeartú i gcomhréir lena bpróifíl riosca. Dá bhrí sin, foráiltear leis an rialachán leasaitheach go scriosfar an táscaire riosca ICDI agus na forálacha agus tagairtí gaolmhara in Airteagail 6 agus 7 den Rialachán Tarmligthe agus san Iarscríbhinn. Ina theannta sin, déantar foráil ann maidir le hathscálú a dhéanamh ar ualú riosca na dtrí tháscaire riosca eile sa cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca' in Airteagal 7, mír 2 chun ualú iomlán 1 den cholún riosca sin a choinneáil.

Ní theastaíonn ainmneoir an táscaire 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirdbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Bhallstáit bunaíochta' a leagtar síos in Airteagal 6, mír 4, chun na ranníocaíochtaí a ríomh toisc go mbaintear an toradh céanna amach le hathscálú an uimhreora de bhun Iarscríbhinn 1, Céim 3. Dá bhrí sin, maidir leis an oibleagáid atá ar údaráis réitigh náisiúnta an fhaisnéis a fhaightear ó na hinstitiúidí uile atá bunaithe ina gcríoch, ar faisnéis í a bhaineann le dliteanais agus taiscí idirbhainc dá bhforáiltear in Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe a sholáthar don Údarás

Baincéireachta Eorpach (ÚBE), is léir go bhfuil sí iomarcach chun ainmneoir an táscaire sin a ríomh. Dá bhrí sin, scriostar an oibleagáid sin.

Chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a áirithiú, tugtar tréimhse theorann isteach maidir leis an bhféidearthacht athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis nó ar shonraí arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta a iarraidh. Tosaíonn an teorainn ama sin ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil don institiúid de bhun Airteagal 13(1) agus (2) den Rialachán seo agus ba cheart di dul in éag an 31 Eanáir den bhliain tar éis an cheathrú tréimhse ranníocaíochta tar éis na tréimhse ranníocaíochta a tugadh fógra faoin gcinneadh sin. Níor cheart an tréimhse theorann a bheith faoi réir briseadh. Beidh feidhm ag an tréimhse theorann nua sin ón 1 Eanáir 2026, rud a chiallaíonn go rialóidh sí iarrataí ar athráitis a bhaineann le cinntí ranníocaíochta ar tugadh fógra ina leith don tréimhse 2026 agus do na timthriallta uile ina dhiaidh sin.

Maidir le tréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026, socrófar le córas idirthréimhseach sprioc-am an 31 Eanáir 2031 chun iarrataí ar athráitis a chur isteach. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse theorann nua sin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh maidir le tréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026.

Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann go pras idir an staid dhlíthiúil a bhaineann leis an táscaire riosca ICDI agus nár chuir na húdaráis réitigh náisiúnta iad i bhfeidhm go fíorasach toisc nach bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe a bhaineann le scriosadh an táscaire riosca ICDI ón 1 Eanáir 2026.

Chun ualaí tuairiscithe ar údaráis réitigh agus ar institiúidí a íoslaghdú a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag na hathruithe a bhaineann le hainmneoir an táscaire ‘iasachtaí agus taiscí idirbhainc’ a scriosadh ón 1 Eanáir 2026.

Chun na sainmhínithe ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar údarás inniúil a ailíniú leis na sainmhínithe nua sna Treoracha ábhartha a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar na sainmhínithe sin ón 1 Eanáir 2026.

Chun a ndóthain ama a thabhairt do na húdaráis a gcuid córas agus cleachtas bailithe sonraí a oiriúnú, ba cheart feidhm a bheith ag na hathruithe a eascraíonn as an modheolaíocht nua ranníocaíochta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta aicme 2 agus as an oibleagáid nua atá ar údaráis mhaoirseachta fógra a thabhairt ón 1 Eanáir 2027.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun an Rialachán Tarmligthe seo a ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe ag cruinnithe a Shainghrúpa maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas an 18 Nollaig 2024, an 19 Meitheamh 2025 agus an 4 Samhain 2025. I measc nithe eile, is é ról an tSainghrúpa sin comhairle agus saineolas a chur ar fáil don Choimisiún a mhéid a bhaineann le gníomhartha tarmligthe a ullmhú. Áirítear sa Sainghrúpa saineolaithe is comhaltaí agus saineolaithe is breathnóirí arna n-ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, ag na Ballstáit, ag an BCE agus ag an mBord Réitigh Aonair (Bord). Bhailigh an Coimisiún tuairimí ó chomhaltaí agus bhreathnóirí an tSainghrúpa roimh na cruinnithe, lena linn agus go gairid ina ndiaidh agus chuir sé san áireamh iad agus an Rialachán seo á dhréachtú.

Níl aon mheasúnú tionchair tuartha, toisc nach bhfuil aon tionchar eacnamaíoch mór ag na leasuithe atá beartaithe. Go háirithe, ní choigeartaíonn na leasuithe atá beartaithe ach forálacha áirithe den Rialachán Tarmligthe do leasuithe a tugadh isteach i reachtaíocht an Aontais le Treoir 2 maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, leis an Treoir maidir le Slabhraí Nóiníní, leis an Rialachán maidir le gnólachtaí infheistíochta agus leis an Treoir

maidir le gnólachtaí infheistíochta, agus freastalaíonn siad ar na cuspóirí maidir leis an ualach a laghdú agus a shimpliú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil le pointe 1 (a) d'Airteagal 1 den Rialachán seo maidir leis na leasuithe is gá chun an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a choigeartú don sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta i dTreoir 2014/59/AE, agus na heisiaimh dá ndearnadh foráil ar dtús sa Rialachán Tarmligthe a chaomhnú a mhéid nach bhfuil siad eisiata cheana féin ón Treoir.

Le pointe 1 (b) d'Airteagal 1, ionchorpraítear in Airteagal 3(8) den Rialachán Tarmligthe an sainmhíniú ar údarás inniúil a chumhachtaítear maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta, a leagtar síos in Airteagal 3(1), pointe (5), de Threoir (AE) 2019/2034.

Le pointe 1(c) d'Airteagal 1, scriostar an sainmhíniú ar ICDI.

Le pointe 2(a) d'Airteagal 1, scriostar pointe (a) de mhír 2 d'Airteagal 6, a rinneadh foráil maidir leis an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI', sa cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca'

Le pointe 2(b) d'Airteagal 1, leasaítear mír 4 d'Airteagal 6 chun an téarma 'sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirdbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Bhallstáit bunaíochta' a athrú go 'méid iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Bhallstáit bunaíochta'.

Cuirtear pointe 3 d'Airteagal 1 in ionad mhír 2 d'Airteagal 7, chun an táscaire riosca ICDI a scriosadh ón bhforáil sin, agus an cion céanna d'ualú riosca coibhneasta á choinneáil i measc na dtrí tháscaire riosca eile sa cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca'.

Le pointe 4 d'Airteagal 1, scriostar mír 2 d'Airteagal 8, foráiltear go gcuirfear i bhfeidhm scór an táscaire riosca ICDI arna ríomh le haghaidh grúpa ar an leibhéal comhdhlúite maidir le gach institiúid atá ina cuid de ghrúpa, i gcás ina dtarscaoilfidh an t-údarás inniúil an ICDI a chur i bhfeidhm ar an leibhéal aonair.

Le pointe 5 d'Airteagal 1, cuirtear isteach Airteagal 11a nua. Foráiltear le hAirteagal 11a, mír 1 go ríomhfar ranníocaíochtaí na ngnólachtaí infheistíochta atá údaraithe agus a ndéantar maoirseacht orthu faoi Threoir 2014/65/AE agus a ndéantar maoirseacht orthu maidir le comhlíonadh ceanglas stuamachta faoi Threoir (AE) 2019/2034, nach dtagann faoin maolú dá bhforáiltear i mír 2 d'Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/2033, i gcomhréir le hAirteagal 5 (coigeartú riosca ar ranníocaíochtaí bunúsacha bliantúla). Le hAirteagal 11a, mír 2, déantar foráil maidir le dhá mhaolú ar an modh ríofa ginearálta de bhun Airteagal 5, i gcás inar chinn an t-údarás inniúil, faoi na coinníollacha a leagtar síos leis an gcreat stuamachta is infheidhme, na ceanglais níos déine maidir le caipiteal agus leachtacht a leagtar síos le Treoir 2013/36/AE agus le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm maidir le gnólacht infheistíochta. Sa chás sin, ní mór feidhm a bheith ag an modh coigeartaithe riosca dá bhforáiltear in Airteagail 5 go 9 den Rialachán Tarmligthe. Le hAirteagal 11a, mír 3, tugtar an rogha do na gnólachtaí infheistíochta sin a iarraidh go gcuirfear an coigeartú riosca breise i bhfeidhm de bhun Airteagail 6 go 9, má tá méid ranníocaíochta níos ísle mar thoradh air sin. Le hAirteagal 11a, mír 4, déantar foráil maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe le haghaidh gnólachtaí infheistíochta ar mian leo úsáid a bhaint as an roghnaíocht dá dtagraítear i mír 3 roimhe seo den Airteagal céanna.

Le pointe 6 (a) d'Airteagal 1, leasaítear Airteagal 14(3) chun an tagairt atá as dáta do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún a thabhairt cothrom le dáta.

Le pointe 6 (b) d'Airteagal 1, cuirtear le hAirteagal 14(5), i gcás ina bhfuil faisnéis nó sonraí arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh faoi réir nuashonruithe nó ceartúchán, nach mór nuashonruithe nó ceartúcháin den sórt sin a chur isteach laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 17(5). Sonraítear leis sin go bhfuil na nuashonruithe nó na ceartúcháin faoi réir na teorann ama céanna is infheidhme maidir le hathráitis agus athbhreithnithe.

Déantar foráil i bpointe 7 d'Airteagal 1 maidir le scriosadh Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe, lena leagtar síos oibleagáid na n-údarás réitigh náisiúnta an fhaisnéis a fhaightear ó institiúidí, ar faisnéis í a bhaineann le dliteanais agus taiscí idirbhainc, a sholáthar don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), chun ainmneoir an táscaire 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc' a leagtar síos in Airteagal 6 (4) a ríomh.

Le pointe 8 d'Airteagal 1, cuirtear mír 5 nua le hAirteagal 17, lena mbunaítear tréimhse theorann chun athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta ag institiúidí a iarraidh chun ranníocaíochtaí a ríomh, chomh maith le hathráitis nó athbhreithnithe arna dtionscnamh ag na húdaráis.

Le pointe 9 d'Airteagal 1, leasaítear mír 3 d'Airteagal 19 chun an oibleagáid a leagan síos atá ar an údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta atá faoi réir an chreata stuamachta a leagtar síos le Treoir (AE) 2019/2034 agus le Rialachán (AE) 2019/2033 fógra a thabhairt do na húdaráis réitigh má chinn sé, sna cásanna eisceachtúla dá bhforáiltear leis an gcreat stuamachta is infheidhme, na ceanglais níos déine maidir le caipiteal agus leachtacht a leagtar síos le Treoir 2013/36/AE agus le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis an ngnólacht infheistíochta.

Le pointe 10 d'Airteagal 1, cuirtear mír nua le hAirteagal 20 chun sprioc-am a leagan síos iarraidh ar athráitis nó ar athbhreithnithe ar fhaisnéis a chur isteach chun ranníocaíochtaí bliantúla na dtréimhsí ranníocaíochta roimh 2026 a ríomh.

Le pointe 11 d'Airteagal 1, leasaítear an Iarscríbhinn. Leasaítear Iarscríbhinn I Céim 1 de ríomh na ranníocaíochtaí bliantúla in Iarscríbhinn I chun Céim 1 a choigeartú do scriosadh an táscaire riosca ICDI agus do scriosadh ainmneoir an táscaire 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc'. Leasaítear Iarscríbhinn I Céim 4 de ríomh na ranníocaíochtaí bliantúla in Iarscríbhinn I chun Céim 4 a choigeartú do scriosadh an táscaire riosca ICDI agus do scriosadh ainmneoir an táscaire 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc'.

Sainítear in Airteagal 2 dátaí theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha éagsúla.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.2.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí institiúidí áirithe a ríomh, táscaire riosca a scriosadh agus modhnuithe nós imeachta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat chun institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 103(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gcreat stuamachta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ceanglaítear leasuithe áirithe a dhéanamh ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún[4]. Go háirithe, leasaíodh le Treoir (AE) 2019/2034 an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE. Dá bhrí sin, is gá an sainmhíniú ar ghnólachtaí infheistíochta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a leasú dá réir sin. Leis an sainmhíniú leasaithe, ba cheart na heisiaimh a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a chaomhnú. Ós rud é nach bhfuil gnólachtaí infheistíochta atá údaraithe saoráid trádála iltaobhach a oibriú gan gníomhaíochtaí 3 nó 6 a bhaineann le riosca a dhéanamh dá dtagraítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a

[1] IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj.

[2] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/2034/oj).

[3] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2033/oj).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* do shocruithe um maoiniú réitigh (IO L 11, 17.1.2015, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/63/oj).

ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] laistigh de raon feidhme an tsainmhínithe leasaithe a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE a thuilleadh, tá an t-eisiamh comhfhreagrach in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 imithe i léig agus ba cheart é a scriosadh. I gcodarsnacht leis sin, tá gá le heisiamh gnólachtaí infheistíochta áirithe a mbaineann riosca íseal leo a chumhdaítear le hAirteagal 96(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] chun raon feidhme bunaidh Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a choinneáil. Ós rud é gur scoir Airteagal 96 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 d'fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2026, ba cheart critéir shubstainteacha na forála sin a ionchorprú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63. Coinníonn na Ballstáit an chumhacht an coigeartú riosca a bhunú le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta eisiata dá dtagraítear, atá faoi réir na hoibleagáide ranníocaíochtaí *ex ante* a íoc de bhun Airteagal 103(1) de Threoir 2014/59/AE, ach nach bhfuil údaraithe ach seirbhísí agus gníomhaíochtaí teoranta a dhéanamh agus nach bhfuil faoi réir ceanglais áirithe maidir le caipiteal agus leachtacht, ionas nach gcuirfear ualach díréireach orthu. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de na gnólachtaí infheistíochta sin a eisiamh ó raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63.

(2) Tá sainmhíniú nua tugtha isteach ag Treoir (AE) 2019/2034 ar údarás inniúil a chumhachtaítear maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta faoi réir an chreata stuamachta a leagtar síos sa Treoir sin agus i Rialachán (AE) 2019/2033. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar údarás inniúil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a leasú chun údaráis inniúla a áireamh, ar údaráis iad a chumhachtaítear maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa nó ar ghnólachtaí infheistíochta, de réir mar is infheidhme.

(3) Mar gheall ar an gcreat stuamachta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/2034 agus Rialachán (AE) 2019/2033, níl gnólachtaí infheistíochta a bhfuil sócmhainní comhdhlúite iomlána faoi bhun tairseacha áirithe acu, i bprionsabal, faoi réir na gceanglas maidir le caipiteal agus leachtacht a leagtar síos i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara a thuilleadh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag go leor de na méadrachtaí coigeartaithe riosca a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, atá bunaithe ar na ceanglais sin, maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin a thuilleadh. Maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin atá faoi réir na hoibleagáide ranníocaíocht a dhéanamh do shocruithe um maoiniú réitigh de bhun Airteagal 103(1) de Threoir 2014/59/AE, bíonn próifíl riosca níos ísle acu de ghnáth agus ní bhíonn siad chomh sistéamach céanna le gnólachtaí infheistíochta atá níos mó, agus is lú an dochúlacht go gcuirfear faoi réiteach iad, ós rud é go bhfuil siad faoi réir ceanglas maidir le forchostais sheasta lenar cheart go mbeifí in ann iad a leachtú faoi ghnáthdhócmhainneacht i gcás cliseadh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta,

---

[5] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

[6] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

[7] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

ba cheart, dá bhrí sin, na gnólachtaí infheistíochta sin a bheith faoi réir ríomh simplithe ar a ranníocaíochtaí do shocruithe um maoiniú réitigh. Ní iomchuí na gnólachtaí infheistíochta sin a chur faoi réir an mhodha coigeartaithe riosca ach amháin ar bhonn a méid (ranníocaíocht bhunúsach bhliantúil). Chun a áirithiú nach gcuirfear na gnólachtaí infheistíochta sin faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis an gcaoi a gcaithfí leo faoin modheolaíocht is infheidhme maidir leis na hinstitiúidí uile, ba cheart an deis a bheith ag na gnólachtaí infheistíochta sin a iarraidh go gcuirfí an coigeartú riosca breise i bhfeidhm ar bhonn fachtóirí riosca, i gcás ina mbeadh méid ranníocaíochta níos ísle mar thoradh ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta sin. Chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh náisiúnta a chinneadh cén mhodheolaíocht a mbeidh an ranníocaíocht níos ísle mar thoradh uirthi, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis is gá a sholáthar do na húdaráis réitigh náisiúnta i gcásanna den sórt sin. Níor cheart baint a bheith ag an leasú sin le gnólachtaí infheistíochta beaga atá faoi réir an chórais cnapshuime a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 faoi láthair, ar cheart dó feidhm a bheith aige fós maidir leis na gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme an Airteagail sin. Tá údar leis sin mar gheall ar mhéid an-bheag na ngnólachtaí infheistíochta sin, rud a fhágann gur lú an dóchúlacht go gcuirfear faoi réiteach iad agus go mbeidh tionchar teoranta acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar na socruithe um maoiniú réitigh.

(4) Faoin gcreat stuamachta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/2034 agus Rialachán (AE) 2019/2033, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh, mar sin féin, faoi choinníollacha áirithe, na ceanglais stuamachta a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm freisin maidir le gnólachtaí infheistíochta áirithe nach bhfuil, i bprionsabal, faoi réir na gceanglas sin, i gcás ina bhfuil riosca níos airde ag baint leis na gnólachtaí infheistíochta sin, nó a cheadú do ghnólachtaí infheistíochta na ceanglais stuamachta sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart an tsolúbthacht sin a chur san áireamh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 agus ba cheart láimhseáil stuamachta na ngnólachtaí infheistíochta sin a léiriú i modh ríofa na ranníocaíochtaí sna cásanna sin. I gcásanna den sórt sin, níor cheart na gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann a bheith faoi réir na ranníocaíochta bunúsaí bliantúla amháin a thuilleadh ach faoi réir an choigeartaithe riosca breise ar bhonn fachtóirí riosca freisin.

(5) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus le Treoir (AE) 2024/1174 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], leasaíodh go forleathan an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE. Mar thoradh ar na leasuithe sin, tá ICDI, a forléiríodh ar dtús mar cheanglas ginearálta is infheidhme maidir leis na hinstitiúidí uile, le cur in oiriúint do gach institiúid ag brath ar an straitéis réitigh shonrach a roghnaítear don institiúid nó don ghrúpa ar cuid di an institiúid. Níl eintitis leachtaithe faoi réir ICDI a thuilleadh agus i gcás grúpaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh institiúidí faoi réir ICDI ag brath ar cé acu is eintitis leachtaithe nó eintitis

---

[8] Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE, IO L 150, 7.6.2019.

[9] Treoir (AE) 2024/1174 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (IO L, 2024/1174, 22.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1174/oj).

réitigh iad. Ina theannta sin, tá ICDI chun bheith comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais éagsúla agus ní mór é a chalabrú ar bhealach éagsúil (ICDI seachtrach nó inmheánach) ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil an institiúid ina pointe iontrála chun an grúpa a réiteach. Mar thoradh air sin, an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, mar chuid den cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca', a ceapadh le haghaidh ICDI a bhí infheidhme go haonfhoirmeach maidir leis na hinstitiúidí uile, níl sé oiriúnach a thuilleadh chun é a chur i bhfeidhm chun ranníocaíochtaí na n-institiúidí sin a choigeartú i gcomhréir lena bpróifíl riosca. Go háirithe, d'fhéadfaí leis an táscaire riosca sin pionós a ghearradh ar eintitis leachtaithe, ós rud é nach bhfuil aon ICDI acu. Leis an gcolún riosca 'Táscairí riosca breise a bheidh le cinneadh ag an údarás réitigh náisiúnta', lena ndéantar foráil, i measc nithe eile, maidir leis an táscaire riosca inréiteachta, cuirtear ICDI san áireamh ar bhealach níos iomchuí le haghaidh na n-institiúidí uile. Ba cheart, dá bhrí sin, an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' sa cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca', agus forálacha agus tagairtí gaolmhara, a scriosadh.

(6) Is iomchuí ualú coibhneasta comhionann a choinneáil ar bun maidir le gach ceann de na trí tháscaire riosca atá fágtha den cholún riosca 'Neamhchosaint ar riosca', ar cheart iad a athscálú tar éis an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' a scriosadh, chun a áirithiú gurb é 1 suim gach ceann acu.

(7) Is léir ón taithí phraiticiúil a fuarthas ó bhailiú na ranníocaíochtaí le linn na tréimhse tosaigh, ar tréimhse í ar lena linn a bhí na socruithe um maoiniú réitigh leis an spriocleibhéal a bhaint amach, gur gá teorainn ama a leagan amach maidir leis an bhféidearthacht athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta a iarraidh chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a áirithiú. Ba cheart don teorainn ama sin tosú an dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil don institiúid agus ba cheart di dul in éag an 31 Eanáir den bhliain tar éis an cheathrú tréimhse ranníocaíochta tar éis na tréimhse ranníocaíochta a tugadh an fógra. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart an teorainn ama a bheith faoi réir briseadh.

(8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh tréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026, ba cheart feidhm a bheith ag tréimhse theorann idirthréimhseach maidir le hiarrataí ar athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur isteach chun ranníocaíochtaí bliantúla a ríomh. Dá réir sin, níor cheart iarrataí den sórt sin a bhaineann le tréimhsí ranníocaíochta ar tugadh fógra maidir leis an gcinneadh lena gcinntear an ranníocaíocht bhliantúil ina leith roimh thréimhse ranníocaíochta 2026 a bheith inghlactha ach go dtí an 31 Eanáir 2031. Níor cheart an tréimhse theorann idirthréimhseach a bheith faoi réir briseadh.

(9) Áirítear sa cholún riosca 'Tábhacht institiúide do chobhsaíocht an chórais airgeadais nó don gheilleagar' an táscaire riosca 'Sciar na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Bhallstáit bunaíochta'. Is léir ón taithí phraiticiúil a fuarthas ó bhailiú na ranníocaíochtaí an iomarcaíocht maidir le bailiú sonraí a bhaineann leis an ainmneoir 'Iasachtaí agus na taiscí idirbhainc iomlána san Aontas' a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, Céim 1 ('Na Táscairí Amha a Ríomh'), toisc go mbaintear an toradh céanna amach, i dtéarmaí an iolraitheora coigeartaithe riosca agus $\tilde{R}_n$ na ranníocaíochta bliantúla araon $c_n$, trí úsáid a bhaint as uimhreoir an táscaire sin amháin, is é sin méid iomlán iasachtaí agus taiscí

idirbhainc de chuid institiúide. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-ainmneoir sin a scriosadh, mar aon le hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha na n-údarás réitigh náisiúnta. Ba cheart tagairt do 'méid iomlán' na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc a chur in ionad na tagartha do 'sciar'.

(10) Is gá éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe faisnéise agus ranníocaíochtaí do shocruithe náisiúnta um maoiniú réitigh a ríomh. I gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, i gcás nach n-áirítear an fhaisnéis a éilíonn táscaire sonrach sa cheanglas tuairiscithe maoirseachta is infheidhme le haghaidh na bliana tagartha, ní bheidh feidhm ag an táscaire riosca sin go dtí go mbeidh an ceanglas tuairiscithe maoirseachta sin infheidhme. Cuireadh faisnéis áirithe a éilítear le haghaidh an táscaire riosca 'Cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide de bhreis ar ICDI' san áireamh sna ceanglais tuairiscithe maoirseachta is infheidhme ón 28 Meitheamh 2021. Mar gheall ar na leasuithe forleathana ar ICDI, áfach, níorbh fhéidir an fhaisnéis aonfhoirmeach a éilítear a bhailiú chun an táscaire a chur i bhfeidhm, rud a chuir bac ar a chur i bhfeidhm aonfhoirmeach praiticiúil. Chun comhsheasmhacht phras a áirithiú idir an staid dhlíthiúil agus fhíorasach, agus chun an t-ualach tuairiscithe a bhaineann leis an táscaire riosca ICDI a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag scriosadh an táscaire riosca sin maidir le tréimhse ranníocaíochta 2026 ar aghaidh, i.e. ón 1 Eanáir 2026.

(11) Chun simpliú a áirithiú agus na hualaí tuairiscithe ar údaráis réitigh náisiúnta, ar an Údarás Baincéireachta Eorpach agus ar institiúidí a íoslaghdú a luaithe is féidir, maidir leis na leasuithe a bhaineann le scriosadh ainmneoir an táscaire 'iasachtaí agus taiscí idirbhainc', ar léir go bhfuil sé iomarcach, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le tréimhse ranníocaíochta 2026 ar aghaidh, i.e. ón 1 Eanáir 2026.

(12) Chun cur i bhfeidhm soiléir intuartha na dtréimhsí teorann a áirithiú le haghaidh iarrataí ar athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur isteach chun ranníocaíochtaí bliantúla a ríomh, ba cheart feidhm a bheith ag na tréimhsí teorann sin maidir le tréimhse ranníocaíochta 2026 ar aghaidh, i.e. ón 1 Eanáir 2026. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse theorann idirthréimhseach, lena mbunaítear sprioc-am deiridh an 31 Eanáir 2031, maidir le hiarrataí a bhaineann le tréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026.

(13) Chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis réitigh a gcuid córas agus cleachtais bailithe sonraí a oiriúnú, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe a bhaineann le cur chun feidhme na modheolaíochta nua chun ranníocaíochtaí gnólachtaí infheistíochta a ríomh agus leis an oibleagáid ghaolmhar atá ar na húdaráis mhaoirseachta na húdaráis réitigh náisiúnta a chur ar an eolas maidir le tréimhse ranníocaíochta 2027 ar aghaidh, i.e. ón 1 Eanáir 2027.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘(2) ciallaíonn ‘gnólachtaí infheistíochta’ gnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3), de Threoir 2014/59/AE, cé is moite de ghnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) déileálann siad ar a gcuntas féin amháin ar mhaithe le hordú cliaint a chomhlíonadh nó a chur i bhfeidhm nó ar mhaithe le dul isteach i gcóras um imréiteach agus um ghlanadh nó i malartán aitheanta nuair a bheidh siad ag gníomhú i gcáil gníomhaireachta nó ag cur ordú cliaint i bhfeidhm;

(b) comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas uile:

(i) níl airgead nó urrúis cliant ina seilbh;

(ii) gabhann siad de dhéileáil ar a gcuntas féin amháin;

(iii) níl aon chustaiméir seachtrach acu;

(iv) déantar feidhmiú agus socrú a n-idirbheart sin ina leith faoi chúram institiúide imréitigh agus atá ráthaithe ag an institiúid imréitigh sin;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

‘(8) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (40), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Threoir (AE) 2019/2034;’;

(c) scriostar pointe (15);

(2) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar pointe (a);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Is éard a bheidh sa cholún ‘Tábhacht institiúide do chobhsaíocht an chórais airgeadais nó don gheilleagar’ ná an táscaire ‘Méid iomlán na n-iasachtaí agus na dtaiscí idirbhainc san Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar thábhacht na hinstitiúide do gheilleagar an Ballstáit bunaíochta’.;

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh an t-ualú céanna ag dul do gach táscaire riosca sa cholún ‘Neamhchosaint ar riosca’.’;

(4) in Airteagal 8, scriostar mír 2;

(5) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

***‘Airteagal 11a***

***Ranníocaíochtaí bliantúla gnólachtaí infheistíochta áirithe***

1. Gan dochar d’Airteagal 10, ranníocaíochtaí bliantúla gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 nach dtagann faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin, ríomhfar iad i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, ríomhfar ranníocaíochtaí bliantúla gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) cheadaigh an t-údarás inniúil, de bhun Airteagal 1(5) de Rialachán (AE) 2019/2033, don ghnólacht infheistíochta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm;

(b) d'fheidhmigh an t-údarás inniúil an lánrogha, de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/2034, an gnólacht infheistíochta a chur faoi réir cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. I gcás ina soláthróidh gnólacht infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo fianaise leordhóthanach go bhfuil an méid ranníocaíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 níos airde ná an ranníocaíocht arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9, cuirfidh an t-údarás réitigh náisiúnta an méid is ísle i bhfeidhm.

4. I gcás ina mbainfidh gnólacht infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 úsáid as mír 3, cuirfidh sé an t-údarás réitigh náisiúnta ar an eolas faoi agus soláthróidh sé don údarás réitigh náisiúnta sin an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 14(1), (2), (3) agus (6), laistigh de na sprioc-amanna céanna leis na sprioc-amanna dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) agus (4).';

(6) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, a áirítear sna ceanglais tuairiscithe maoirseachta arna leagan síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún* nó, i gcás inarb infheidhme, le haon cheanglas tuairiscithe maoirseachta eile is infheidhme maidir leis an institiúid faoin dlí náisiúnta, a sholáthar don údarás réitigh náisiúnta arna tuairisciú ag an institiúid sa tuarascáil mhaoirseachta ábhartha is déanaí arna cur faoi bhráid an údaráis inniúil a bhaineann le bliain thagartha an ráitis airgeadais bhliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.

___________

*Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/451/oj).;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis nó na sonraí arna gcur faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta faoi réir nuashonruithe nó ceartúchán, cuirfear na nuashonruithe nó na ceartuithe sin faoi bhráid na n-údarás réitigh náisiúnta gan moill mhíchuí laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 17(5).';

(7) scriostar Airteagal 15;

(8) in Airteagal 17, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

'5. Beidh iarrataí ar athráitis nó ar athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur isteach chun ranníocaíochtaí bliantúla a ríomh faoi réir teorainn ama. Tosóidh an teorainn ama sin an dáta ar thug údarás réitigh náisiúnta fógra maidir leis an gcinneadh lena gcinntear an ranníocaíocht bhliantúil don institiúid de bhun Airteagail 13(1) agus (2) agus rachaidh sí in éag an 31 Eanáir den bhliain tar éis an cheathrú tréimhse ranníocaíochta tar éis na tréimhse ranníocaíochta a tugadh an fógra.

Beidh feidhm ag an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo maidir le hiarrataí ar athráitis nó athbhreithnithe arna gcur isteach ag institiúidí de bhun Airteagal 14(5) agus maidir leis na hiarrataí sin arna dtionscnamh ag na húdaráis réitigh náisiúnta. Ní bheidh an teorainn ama faoi réir briseadh.

I gcás nach seisiún trádála é an 31 Eanáir, rachaidh an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír in éag an seisiún trádála dár gcionn.';

(9) in Airteagal 19 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Soláthróidh na húdaráis inniúla aon fhaisnéis do na húdaráis réitigh náisiúnta lena gcuirfear ar a gcumas do na húdaráis réitigh náisiúnta na ranníocaíochtaí bliantúla a ríomh, lena n-áirítear, go háirithe, an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis a bhaineann leis an gcoigeartú riosca breise;
(b) aon tarscaoileadh ábhartha a dheonaigh údaráis inniúla d'institiúidí de bhun Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
(c) aon fhaisnéis ábhartha maidir le húdaruithe a dheonaigh údaráis inniúla do ghnólachtaí infheistíochta de bhun Airteagal 1 (5) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033; agus
(d) aon fhaisnéis ábhartha maidir le cinntí arna ndéanamh i dtaca le gnólachtaí infheistíochta de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/2034.';

(10) in Airteagal 20, cuirtear an mhír 10 seo a leanas leis:

'10. De mhaolú ar Airteagal 17(5), iarrataí ar athráitis nó athbhreithnithe ar fhaisnéis arna gcur isteach chun ranníocaíochtaí bliantúla na dtréimhsí ranníocaíochta roimh thréimhse ranníocaíochta 2026 a ríomh, cuirfear isteach iad go dtí an 31 Eanáir 2031.

I gcás nach seisiún trádála é an 31 Eanáir, rachaidh an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír in éag an seisiún trádála dár gcionn.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo maidir le hiarrataí arna gcur isteach ag institiúidí de bhun Airteagal 14(5) agus maidir leis na hiarrataí sin arna dtionscnamh ag na húdaráis réitigh náisiúnta. Ní bheidh an teorainn ama faoi réir briseadh.';

(11) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

De mhaolú ar an dara fomhír:

(a) beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (5) agus (9), ón 1 Eanáir 2027;

(b) beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe 10 ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*